European Union Agency
for Cybersecurity
Vasilissis Sofias Str 1
151 24 Maroussi | Attiki | Greece
Tel: +30 28 14 40 9711
E-mail: info@enisa.europa.eu
www.enisa.europa.eu


# TREOIRLÍNTE SOLÁTHAIR LE HAGHAIDH NA CIBEARSHLÁNDÁLA IN OSPIDÉIL

Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil seo a bheith ina "treoirleabhar" do ghairmithe cúram sláinte. Rachaidh an-chuid de na cleachtais agus na moltaí istigh inti chun tairbhe d'eagraíochtaí eile cúram sláinte freisin toisc go mbíonn na próisis soláthair an-chosúil lena chéile in amanna. Téann sí chun tairbhe do ghairmithe cúram sláinte a bhfuil poist theicniúla in ospidéil acu, i.e. príomhoifigigh: príomhoifigigh faisnéise, príomhoifigigh shlándála faisnéise, príomhoifigigh theicneolaíochta, foirne TF agus oifigigh sholáthair in eagraíochtaí cúram sláinte. Pléitear sa ghearrpháipéar seo na príomh-mhíreanna den tuarascáil - chun tuilleadh mionsonraí a fháil, ní mór don léitheoir breathnú ar an bhfoilseachán ó ENISA dar teideal 'ENISA Good Practices for the Security of Healthcare Services', a foilsíodh i mí Feabhra 2020.

## AN PRÓISEAS SOLÁTHAIR

Ós rud é go bhfuil an t-éiceachóras ospidéil comhdhéanta de roinnt comhpháirteanna TF, ba cheart an chibearshlándáil a scrúdú ar leithligh i ngach ceann de na comhpháirteanna difriúla sin. Ba cheart an chibearshlándáil a chur ar áireamh i ngach céim dhifriúil den phróiseas soláthair. Sa roinn seo, cuirimid i láthair na céimeanna coitianta den phróiseas soláthair le haghaidh táirgí agus seirbhísí amhail gairis leighis, córais faisnéise agus bonneagair a fháil.

**Fíor 1:** Saolré an phróisis soláthair d'ospidéil




- Céim na pleanála: Ar an gcéad dul síos, anailísíonn an t-ospidéal na nithe a theastaíonn uaidh agus bailíonn sé riachtanais ó roinnt rannóg go hinmheánach. Mar shampla, i gcás ina mbeidh néalseirbhís nua le fáil, ba cheart don phríomhoifigeach faisnéise na riachtanais a aithint agus a thuiscint cén cineál inúsáidteachta a thairgfear leis an tseirbhís sin.

- Céim an fhoinsithe: Ina dhiaidh sin, aistrítear na riachtanais ina sonraíochtaí teicniúla agus, i gcomhar leis an oifig soláthair, tosaítear próiseas an fhoinsithe (e.g. foilsítear tairiscint). Faigheann an t-ospidéal na tairiscintí ainmnithe agus déanann an coiste (lena n-áirítear an príomhoifigeach faisnéise/an príomhoifigeach slándála faisnéise agus/nó ball den fhoireann TF) na tairiscintí a mheas agus na táirgí is iomchuí a roghnú. Déantar idirbheartaíocht leis an gconraitheoir agus dámhtar an conradh.

- Céim an bhainistithe: Ar deireadh, sanntar an conradh (bainistíocht agus faireachán) don úinéir gnó laistigh den ospidéal. Tá freagracht ar an oifigeach sannta as an tairiscint a thabhairt chun deiridh agus as aon aiseolas a fháil ó úsáideoirí maidir le feidhmíocht iarbhír an trealaimh/an chórais/na seirbhíse.

## CINEÁLACHA SOLÁTHAIR IN OSPIDÉIL

**Tábla 1:** Cineálacha Soláthair (Tacsanomaíocht Sócmhainní)

| Cineál soláthair | Tuairisc ar an gcineál |
|---|---|
| **Córais faisnéise cliniciúla** | Soláthar aon chineáil bhogearraí atá dírithe ar chúram leighis |
| **Gairis leighis** | Aon phíosa crua-earraí atá tiomnaithe do ghalair a rialú nó a dhiagnóisiú nó do chóireáil a chur ina n-aghaidh |
| **Trealamh líonra** | Línte líonra (línte comhaiseacha, línte optúla), geataí, ródairí, lasca, ballaí dóiteáin, líonraí príobháideacha fíorúla, córas coiscthe ionraidh, córas braite ionraidh, etc. |
| **Córais chianchúraim** | Áiseanna nó gairis chun cúram a sholáthar lasmuigh den timpeallacht ospidéil, go háirithe rudaí ar a dtugtar “seirbhísí cúram baile ospidéalbhunaithe” sa lá atá inniu ann. |
| **Gairis chliaint mhóibíligh** | Gach píosa bogearraí lena soláthraítear cúnamh sláinte nó bailiú sonraí leighis agus nach bhfuil ceangailte go díreach le líonra an ospidéil, mar shampla aipeanna teilileighis |
| **Córais aitheantais** | Córais (scanóirí bithmhéadracha, léitheoirí cártaí, etc.) chun othair nó pearsana leighis a aithint go huathúil agus chun aitheantas agus/nó údarú a áirithiú ar mhaithe leis na córais TF a rochtain. |
| **Córais Bhainistíochta Foirgnimh** | Aon chineál foirgníochta ar féidir leis saoráidí leighis a choimeád. |
| **Córais rialaithe thionsclaíoch** | Córais lena rialaítear gach gné fhisiciúil de na hionaid, lena n-áirítear córais rialála cumhachta, córais ghlasála doirse, córais slándála ciorcaid iata. |
| **Seirbhísí gairmiúla** | Gach cineál seirbhísí, bíodh siad seachfhoinsithe nó ná bíodh, a sholáthraíonn gairmithe nó cuideachtaí iad: seirbhísí leighis, iompar, cuntasaíocht, innealtóireacht, TF, dlí, cothabháil, glantachán, lónadóireacht, etc. |
| **Néalseirbhísí** | Aon chóras cumarsáide agus faisnéise nó aon chóras faisnéise eile nach bhfuil lonnaithe san fhoirgneamh leighis ná i saoráid ionad sonraí atá faoi rialú iomlán ag rannóg TF an ionaid leighis. |

## TACSANOMAÍOCHT BAGAIRTÍ

Tá baint ag cineálacha difriúla soláthair le bagairtí éagsúla ar an timpeallacht TFC de chuid ospidéil. Féach an tacsanomaíocht bagairtí a chuirtear i láthair sa roinn seo agus téigh i gcomhairle le do rannóg TF, slándála nó riosca chun a aithint cé na bagairtí is ábhartha do d'eagraíocht. Ba cheart an ghníomhaíocht sin a bheith ina cuid de na cúraimí TF san ospidéal, beag beann ar an acmhainneacht soláthair.

**Tábla 2:** Cineálacha Bagairtí (Tacsanomaíocht Bagairtí)

| Bagairt | Samplaí |
|---|---|
| **Feiniméin nádúrtha** | Dóiteán, tuilte nó creathanna talún |
| **Cliseadh ar shlabhra an tsoláthair** | Cliseadh ar an soláthraí néalseirbhísí, Cliseadh ar an soláthraí líonra, Cliseadh soláthar cumhachta, Cliseadh ar mhonaróir an ghairis leighis / gan dliteanas a bheith ann |
| **Earráidí an duine** | Earráid i gcumraíocht an chórais leighis, Gan logaí iniúchta a bheith ann, Rialú rochtana neamhúdaraithe / easpa próiseas, Neamhchomhlíonadh (beir leat do ghaireas féin), Earráid arna déanamh ag ball foirne leighis/ag othar |
| **Gníomhartha mailíseacha** | Bogearraí Mailíseacha (Víreas, Bogearraí éirice, Beir leat do ghaireas féin), Fuadach (Cripteafhuadach, Fuadach gaireas leighis), Innealtóireacht Shóisialta (Fioscaireacht, Baoiteáil, Clónáil gaireas), Gadaíocht (Sonraí, Gairis), Cur Isteach ar Ghairis Leighis, Scimeáil, Diúltú Seirbhíse, Ionsaithe gréasánbhunaithe, Ionsaithe feidhmchlár gréasáin, Bagairt cos istigh, Láimhsiú fisiciúil / Damáiste fisiciúil, Bradaíl aitheantais, Cibirspiaireacht, Cur isteach meicniúil ar chomhpháirteanna |
| **Clistí Córais** | Cliseadh córais, Dochtearraí as dáta, Cliseadh gairis, Cliseadh comhpháirteanna líonra, Cothabháil neamhleor |

## DEA-CHLEACHTAIS LE HAGHAIDH SOLÁTHAR CIBEARSHLÁNDÁLA

Ní liosta uileghabhálach in aon chor é an liosta dea-chleachtas thíos. Mar sin féin, téann sé chun tairbhe don ghairmí TF i réimse an chúraim shláinte atá freagrach as trealamh a cheannach in ospidéal. Is é atá sa tacar dea-chleachtas an toradh comhchoiteann ar an aiseolas ar fad a fuarthas ó ghairmithe cúram sláinte ar cuireadh agallamh orthu. Is féidir leis an léitheoir an liosta a oiriúnú ar bhonn thosaíochtaí a (h)eagraíochta.

### Dea-chleachtas 1. Tabhair ról don rannóg TF sna céimeanna difriúla soláthair chun a áirithiú go gcuirfear saineolas ar na gnéithe cibearshlándála san áireamh.

**Céimeanna Soláthair:** Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair:** Gach

**Bagairtí Gaolmhara:** Gach

### Dea-chleachtas 2. Cuir próiseas um leochaileachtaí a aithint agus a bhainistiú chun feidhme chun a áirithiú go mbreithneofar leochaileachtaí sula dtabharfar faoin soláthar táirgí nua nó seirbhísí nua agus chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar leochaileachtaí na dtáirgí/seirbhísí atá ann cheana ar fud a saolré.

**Céimeanna Soláthair:** Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair:** Córais Faisnéise Cliniciúla, Gairis Leighis, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara:** Gach

### Dea-chleachtas 3. Forbair beartas le haghaidh nuashonruithe crua-earraí agus bogearraí chun a áirithiú go gcuirfear na paistí is déanaí ar do Chóras Oibriúcháin agus do Bhogearraí i bhfeidhm agus go nuashonrófar na Bogearraí frithvíris.

**Céimeanna Soláthair**: Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 4. Cuir feabhas ar na rialuithe slándála le haghaidh cumarsáid gan sreang chun a áirithiú go ndéanfar an rochtain ar líonraí Wi-Fi an Ospidéil a theorannú agus a rialú go dian.

**Céimeanna Soláthair**: Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Earráidí an Duine

### Dea-chleachtas 5. Bunaigh beartais tástála chun a áirithiú go gcuirfear táirgí nuafhaighte nó nuachumraithe faoi bhréagionsaí tástála agus gur ar aon dul le paraiméadair oibríochtúla na timpeallachta iarbhír a bheidh na gníomhartha feabhsúcháin a dhéanfar.

**Céimeanna Soláthair**: Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Córais Faisnéise Cliniciúla, Gairis Leighis, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córas Bainistíochta Foirgnimh, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Clistí Córais, Earráidí an Duine

### Dea-chleachtas 6. Bunaigh pleananna Leanúnachais Ghnó chun a áirithiú nach gcuirfidh cliseadh córais isteach ar phríomhsheirbhísí an ospidéil agus chun a áirithiú go saineofar ról an tsoláthróra go soiléir.

**Céimeanna Soláthair:** Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 7. Cuir saincheisteanna idir-inoibritheachta san áireamh chun a áirithiú nach mbeidh aon bhearnaí slándála ann sna comhpháirteanna atá ann cheana (TF ó oidhreacht).

**Céimeanna Soláthair:** Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Córais Faisnéise Cliniciúla, Gairis Leighis, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Clistí Córais, Earráidí an Duine, Gníomhartha Mailíseacha

### Dea-chleachtas 8. Cumasaigh tástáil gach comhpháirte chun a áirithiú go soláthrófar leo gach a ngealltar: fíoraigh so-úsáidteacht, seiceáil cruinneas na dtorthaí faoi lódáil, agus seiceáil an bhfuil lochtanna slándála (beartas um pasfhocail laga, inteilgean SQL) ann nó nach bhfuil.

**Céimeanna Soláthair**: Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Córais Faisnéise Cliniciúla, Gairis Leighis, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Néalseirbhísí, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Córas Cianchúraim, Córas Bainistíochta Foirgnimh, Gairis Chliaint Mhóibíligh

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Earráidí an Duine, Clistí Córais, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair

### Dea-chleachtas 9. Ceadaigh iniúchadh agus logáil chun rianú a dhéanamh ar ionsaitheoirí agus ar an méid faisnéise a cailleadh/a goideadh i gcás thruailliú an chórais.

**Céimeanna Soláthair**: Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 10. Criptigh sonraí pearsanta íogaire ar fos agus faoi bhealach trí bheartas a shainiú le haghaidh na gcóras, na seirbhísí nó na ngaireas lena bpróiseáiltear na catagóirí speisialta sonraí pearsanta a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

**Céimeanna Soláthair**: Gach

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### GP11. Déan measúnú riosca mar chuid den phróiseas soláthair.

**Céimeanna Soláthair**: Pleanáil

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gach

**Bagairtí Gaolmhara:** Gach

### Dea-chleachtas 12. Pleanáil riachtanais líonra, chrua-earraí agus cheadúnais roimh ré chun a dhéanamh amach cé acu is gá nó nach gá uasghráduithe breise agus/nó ceannacháin bhreise a dhéanamh roimh shuiteáil chun freastal ar an gcóras nua.

**Céimeanna Soláthair:** Pleanáil

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch.

**Bagairtí Gaolmhara**: Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais, Feiniméin Nádúrtha, Earráidí an Duine

### Dea-chleachtas 13. Aithin bagairtí a bhaineann le táirgí soláthair nó seirbhísí soláthair agus áirithigh go n-aithnítear bagairtí ar bhonn leanúnach i saolré an tsoláthair.

**Céimeanna Soláthair**: Pleanáil, Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair:** Gach

**Bagairtí Gaolmhara**: Gach

### Dea-chleachtas 14. Leithscar do líonra chun a áirithiú gur féidir trácht líonra a leithlisiú agus/nó a scagadh chun rochtain idir criosanna líonra a theorannú agus/nó a chosc.

**Céimeanna Soláthair**: Pleanáil, Foinsiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair:** Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 15. Déan na riachtanais líonra amach chun idir-inoibritheacht a áirithiú agus chun bearnaí a sheachaint tar éis an toipeolaíocht líonra agus comhpháirteanna a chruthú.

**Céimeanna Soláthair**: Pleanáil

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí, Córais Chianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh.

**Bagairtí Gaolmhara**: Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais, Feiniméin Nádúrtha

### Dea-chleachtas 16. Déan na riachtanais bhonnlíne slándála amach agus aistrigh iad ina gcritéir incháilitheachta le linn soláthróirí a roghnú.

**Céimeanna Soláthair:** Pleanáil, Foinsiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 17. Cruthaigh iarraidh thiomnaithe le haghaidh tograí ar mhaithe leis an soláthar Néalseirbhísí, agus na ceanglais rialála agus bheartais á gcur san áireamh.

**Céimeanna Soláthair**: Pleanáil, Foinsiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair

### Dea-chleachtas 18. Tabhair tús áite do sholáthar na sócmhainní atá deimhnithe de réir scéimeanna cibearshlándála/caighdeáin chibearshlándála.

**Céimeanna Soláthair**: Foinse

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 19. Déan measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí le linn soláthar córais nua nó seirbhíse nua a phleanáil.

**Céimeanna Soláthair**: Foinse

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Córais Faisnéise Cliniciúla, Gairis Leighis, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Seirbhísí Gairmiúla, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Earráidí an Duine

### Dea-chleachtas 20. Socraigh geataí lena gcoinnítear ceangal ar bun idir córais ó oidhreacht/meaisíní ó oidhreacht agus soláthair rialú teorainneacha i gcás ina dtiocfaidh fadhbanna chun cinn laistigh de na grúpaí sin.

**Céimeanna Soláthair**: Foinsiú, Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 21. Soláthair oiliúint cibearshlándála i gcleachtais slándála na heagraíochta chun a áirithiú go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar na baill foirne inmheánacha agus na conraitheoirí/sainchomhairleoirí seachtracha atá ag obair ar an áitreabh.

**Céimeanna Soláthair**: Foinsiú, Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gach

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Earráidí an Duine

### Dea-chleachtas 22. Cuir pleananna freagartha teagmhas le chéile lena gcumhdaítear táirgí nuafhaighte nó córais nuafhaighte.

**Céimeanna Soláthair:** Foinsiú, Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair:** Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara:** Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 23. Tabhair ról don díoltóir/mhonaróir i mbainistíocht teagmhas agus sainigh téarmaí soiléire san Iarraidh le haghaidh Tograí.

**Céimeanna Soláthair:** Foinsiú, Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara:** Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 24. Déan sceidealú agus faireachán ar oibríochtaí cothabhála le haghaidh an trealaimh ar fad chun leibhéal leordhóthanach feidhmiúlachta a áirithiú agus cinn cé na nuashonruithe nó na paistí, i measc nithe eile, a bhíonn ag teastáil.

**Céimeanna Soláthair**: Foinsiú, Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Gairis Leighis, Córais Bhainistíochta Foirgnimh, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Earráidí an Duine, Cliseadh Córais, Feiniméin Nádúrtha

### Dea-chleachtas 25. Ba cheart cianrochtain a íoslaghdú agus a riar ar bhealach a fhágann nach bpléifear i gcumarsáidí seachtracha leis an soláthróir ach amháin an gaireas atá le rialú aige.

**Céimeanna Soláthair**: Foinsiú, Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais, Earráidí an Duine

### Dea-chleachtas 26. Éiligh paisteáil le haghaidh gach comhpháirte agus cuir an fhaisnéis ar áireamh san Iarraidh le haghaidh Tograí.

**Céimeanna Soláthair**: Foinsiú, Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 27. Méadaigh feasacht na mball foirne ar an gcibearshlándáil chun a áirithiú go mbeidh siad ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le táirgí nuafhaighte nó seirbhísí nuafhaighte.

**Céimeanna Soláthair**: Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gach

**Bagairtí Gaolmhara**: Gach

### Dea-chleachtas 28. Déan bainistíocht fardail agus cumraíochta sócmhainní chun a áirithiú go nuashonrófar an fardal go hiomchuí i gcás ina gcuirfear aon chomhpháirt leis an timpeallacht TFC nó ina mbainfear aon chomhpháirt di agus chun a áirithiú go mbeidh cumraíochtaí slándála bonnlíne do chomhpháirteanna TFC ann agus go mbainisteofar iad go hiomchuí.

**Céimeanna Soláthair**: Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Córais Faisnéise Cliniciúla, Gairis Leighis, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Earráidí an Duine, Clistí Córais

### Dea-chleachtas 29. Bunaigh sásraí tiomnaithe rialaithe rochtana le haghaidh saoráidí gaireas leighis, ar saoráidí iad ba cheart a bheith cosanta go fisiciúil agus nár cheart a bheith inrochtana ach amháin ag pearsana speisialaithe.

**Céimeanna Soláthair**: Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córas Bainistíochta Foirgnimh, Córais Aitheantais

**Bagairtí Gaolmhara:** Gníomhartha Mailíseacha, Earráidí an Duine

### Dea-chleachtas 30. Sceidealaigh bréagionsaithe tástála go minic nó tar éis athrú san ailtireacht/sa chóras agus cuir na téarmaí ar áireamh san Iarraidh le haghaidh Tograí.

**Céimeanna Soláthair**: Foinsiú, Bainistiú

**Cineálacha Gaolmhara Soláthair**: Gairis Leighis, Córais Faisnéise Cliniciúla, Trealamh Líonraithe, Córas Cianchúraim, Gairis Chliaint Mhóibíligh, Córais Aitheantais, Córais Rialaithe Thionsclaíoch, Néalseirbhísí

**Bagairtí Gaolmhara**: Gníomhartha Mailíseacha, Cliseadh ar Shlabhra an tSoláthair, Clistí Córais